Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0218(NLE)**

**11428/22**
**ADD 1**

**UD 151**
**COEST 573**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 345 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle **maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin sin** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 345 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 345 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.7.2022
COM(2022) 345 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú agus sa Chomhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le hiarrataí ar an Úcráin aontú do na Coinbhinsiúin sin**

# IARSCRÍBHINN I

**Togra le haghaidh Chinneadh Uimh. 1/2022 ón gComhchoiste AE-CTC a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú**

**an....2022**

**a mhéid a bhaineann le hiarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún sin**

AN COMHCHOISTE AE-CTC,

Ag féachaint do Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú[1], agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir an Úcráin in iúl gur mian léi aontú do Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i dtrádáil earraí a shimpliú ('an Coinbhinsiún') an [.....].

(2) D'éascófaí malartú earraí leis an Úcráin trí shimpliú a dhéanamh ar fhoirmiúlachtaí a dhéanann difear don trádáil in earraí idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach, an Íoslainn, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an Eilvéis, an Tuirc, an tSeirbia agus an Ríocht Aontaithe.

(3) D'fhonn éascú den sórt sin a bhaint amach, is iomchuí a iarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarrfar ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún i gcomhréir le hAirteagal 11a den Choinbhinsiún, ón …

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh, 2022,

Thar ceann an Chomhchoiste AE-CTC

An tUachtarán

Matthias PETSCHKE

---

1 IO L 134, 22.5.1987, lch. 2.

## IARSCRÍBHINN II

**Togra le haghaidh Chinneadh Uimh. 2/2022 ón gComhchoiste AE-CTC a bunaíodh faoi Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach**

**an....2022**

**a mhéid a bhaineann le hiarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún sin**

AN COMHCHOISTE AE-CTC,

Ag féachaint do Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[2], agus go háirithe Airteagal 15(3), pointe (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir an Úcráin in iúl gur mian léi aontú do Choinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach (‘an Coinbhinsiún’) an [.....].

(2) D’éascófaí gluaiseacht earraí leis an Úcráin trí nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach, an Íoslainn, an Mhacadóin Thuaidh, an Iorua, an Eilvéis, an Tuirc, an tSeirbia agus an Ríocht Aontaithe.

(3) D’fhonn éascú den sórt sin a bhaint amach, is iomchuí a iarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarrfar ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún i gcomhréir le hAirteagal 15a den Choinbhinsiún, ón …

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh, 2022,

Thar ceann an Chomhchoiste AE-CTC

An tUachtarán

Matthias PETSCHKE

[2] IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.